Waterways Ireland
Uiscebhealaí Éireann Watterweys Airlann

Saoráil Faisnéise
Scéim
Foilsitheoireachta

Feabhra 2021

INNEACHAR

1.0 Réamhrá **3**

1.1 Cad is Scéim Foilsitheoireachta ann 3

1.2 Freagracht as an Scéim 3

1.3 Oifigeach um Shaoráil Faisnéise 3

2.0 Cineálacha Faisnéise **3**

a) Cé muid agus an méid a dhéanann muid 4

b) Na seirbhísí a thairgeann muid 4

c) Pleananna agus Straitéis 4

d) Eolas airgeadais agus soláthair 5

e) Logleabhar Saorála Faisnéise agus Eolas eile foilsithe go rialta 5

3.0 Cearta rochtana ar Fhaisnéis **6**

3.1 Iarratas ar Shaoráil Faisnéise 6

3.2 Rialacháin Eolais Chomhshaoil (EIR) Iarratas 6

3.3 Cosaint Sonraí, Iarratas duine ar a Shonraí/Sonraí` 6

3.4 An féidir liom faisnéis i bhformáidí eile a fháil? 7

4.0 Táillí **7**

5.0 Cóipcheart **7**

6.0 Gearáin **7**

Aguisín A – Tá foilseacháin ar fáil ar an Webshop

1.0 RÉAMHRÁ

1.1 Cad is Scéim Foilsitheoireachta ann

Is Comhlacht Forfheidhmithe é Uisce-bhealaí Éireann agus ní comhlacht ainmnithe poiblí é faoi reachtaíocht Saorála Faisnéise. Feidhmíonn muid faoi théarmaí Chód Cleachtais Saorála Faisnéise do Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas Éireann agus do Tourism Ireland Teoranta agus tá cóip de ar fáil ar an suíomh gréasáin s'againn **https://www.waterwaysireland.org/**

Is é is príomhchuspóir do Chód Cleachtais FOI rochtain ag an phobal ar eolas atá ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a éascú agus tá sé dírithe ar oscailteacht, freagracht agus muinín an phobail maidir le feidhmíocht na gComhlachtaí Thuaidh/Theas a mhéadú.

Soláthraíonn Scéim Foilsitheoireachta Uiscebhealaí Éireann soiléiriú maidir leis an eolas atá ar fáil go rialta laistigh den eagraíocht agus áit ar féidir rochtain a fháil air.

Is féidir cruachóip nó formáidí eile a fháil de réir mar is cuí trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, féach Alt 1.3.

1.2. Freagracht as an Scéim

Tá an Roinn Seirbhísí Corparáideacha freagrach as an scéim foilsitheoireachta a choinneáil agus as déileáil le gach iarratas FOI.

1.3 Oifigeach um Shaoráil Faisnéise

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um

Shaoráil Faisnéise:

Ainm: Roisin MacRory
R-phost: **informationrequest@waterwaysireland.org**
Tel: +44 (0)286634216
Post: Oifigeach um
Shaoráil Faisnéise,
Uiscebhealaí Éireann, 2
Bóthar Shligigh, Inis
Ceithleann, Contae Fhear
Manach, BT74 7JY

2.0 CINEÁLACHA FAISNÉISE

Tá cuid mhór eolais ar fáil cheana ar shuíomh idirlín Uiscebhealaí Éireann **https://www.waterwaysireland.org**. Mura bhfuil tú ábalta teacht ar an

eolas a bhfuil tú ar a lorg, déan teagmháil leis an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise chun fáil amach an dóigh ar féidir an fhaisnéis a fháil ar an ábhar go bhfhéadfadh gur faisnéis í a eiseofar ach í a iarraidh.

Is iad na rudaí seo a leanas atá i measc na cineálacha faisnéise a fhoilsíonn muid:

a) Faisnéis faoi Uiscebhealaí Éireann - cé muid agus an méid a dhéanann muid
b) na seirbhísí a thairgeann muid

c) Pleananna agus straitéis
d) Eolas airgeadais agus soláthair
e) Logleabhar Saorála Faisnéise agus faisnéis eile a fhoilsítear go rialta

a) Cé muid agus an méid a dhéanann muid

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Eolas fúinn	✓	✓	
Ár gcuid Oibre	✓	✓	
Forbairt Oibríochta agus Gnó Cláir	✓	✓	
Tuarascálacha Taighde	✓	✓	
Folúntais Reatha	✓		✓
Struchtúr na hEagraíochta		✓	

b) Na seirbhísí a thairgeann muid

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Preasráitis	✓	✓	✓
Fógraí Mara	✓	✓	✓
Clár Imeachtaí Uiscebhealaí Éireann (*ar oscailt ar bhonn bliantúil le haghaidh iarratas*)	✓	✓	✓
Cnuasach Staire Bhéil	✓		✓
Oidhreacht sa Chlár Deontas Pobail *(ar oscailt le haghaidh iarratas)*	✓		✓
Straitéis Rannpháirtíochta Pobail le haghaidh Inland Uiscebhealaí	✓		
Scéalta ó na hUiscebhealaí	✓		
Oideachas agus acmhainní foghlama	✓		

Webshop[1], áit ar féidir leat réimse iomlán de chártaí cliste, léarscáileanna, treoracha loingseoireachta, leabhair agus bróisiúir bholscaireachta a cheannach. Is féidir leat na bróisiúir saor in aisce a íoslódáil agus a fheiceáil ar líne.	✓		
Treoracha loingseoireachta (acmhainn léarscáilithe ar líne)	✓		

c) Pleananna agus Straitéis

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Tuarascálacha taighde	✓	✓	
Comhairliúcháin Phoiblí	✓	✓	✓
Plean Corparáideach	✓	✓	
Plean Oidhreachta	✓	✓	
Máistirphlean Turasóireachta le haghaidh Shionainn 2020-2030	✓	✓	

1 Beidh táillí i gceist le foilseacháin, léarscáileanna, cairteacha, srl. Féach Aguisín A le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil.

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Treoirlínte le haghaidh Oidhreacht Thógtha a chaomhnú	✓	✓	
Suirbhéanna Oidhreachta Tógtha	✓		
Suirbhéanna Éiceolaíocha	✓		
Suirbhé ar Bháid Oidhreachta	✓		
Staidéir ar Fhorbairt Táirgí	✓		
Doiciméid Chomhairliúcháin	✓	✓	
Polasaithe Acmhainní Daonna		✓	
Cód Iompair Fostaithe	✓	✓	
Ráiteas Sábháilteachta Uiscebhealaí Éireann		✓	
Polasaithe Sláinte & Sábháilteachta		✓	
Scéim Comhionannais		✓	
Polasaí maidir le Rochtain do gach duine		✓	

Clár Oibre Bliantúil maidir le Chomhionannas		✓	
Tuarascálacha Bliantúla Alt 75 don Choimisiún Comhionannais		✓	
Measúnacht Tionchair Comhionannais		✓	
Straitéisí Seirbhísí do Chustaiméirí	✓		
Cairt Custaiméirí	✓		
Ceisteanna Custaiméirí/Nós imeachta le Gearáin a dhéanamh	✓		

d) Eolas Airgeadais agus Soláthair

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Meamram Airgeadais	✓	✓	
Treoir Chuntasaíochta Thuaidh/Theas	✓	✓	
Tuarascálacha ar Íoc Pras	✓	✓	
Nochtuithe Cosanta	✓	✓	
Clár Leasanna		✓	

e) Logleabhar Saorála Faisnéise agus faisnéis eile a bhíonn le Foilsiú go rialta

Cur síos	Suíomh gréasáin	Rogha eile Formáid	Meáin Shóisialta
Rochtain ar Fhaisnéis faoin Chomhshaol (AIE) Staidrimh	✓	✓	
Saoráil Faisnéise	✓	✓	

3.0 Cearta Rochtana ar Fhaisnéis

Má tá eolas nach bhfuil ar fáil go poiblí de dhíth ort uainn, is féidir é a iarraidh go díreach uainn faoi na rudaí seo a leanas:

3.1 Mar thoradh ar an Chód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise tá oibleagáid ar Uiscebhealaí Éireann freagra a thabhairt d'iarratais ar an eolas atá aige agus ceart rochtana a chur ar fáil ar eolas sin. Tá na cearta chun an t-eolas seo a iarraidh agus rochtain a fháil air faoi réir díolúintí a chuireann muid sa mheá sula ndéanfaidh muid cinntiú ar cén t-eolas is féidir a scaoileadh.

Aon eolas atá againn, ba cheart é a iarraidh trí ríomhphost a chur nó i scríbhinn chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, sonraí ag Alt 1.1 thuas.

Beidh ort seoladh ar féidir linn é a úsáid chun freagairt a thabhairt duit a chur ar fáil dúinn agus cur síos ar an eolas ar mhaith leat muid a sholáthar. Ba cheart go leor sonraí a bheith sa chur síos chun gur féidir tuiscint a bheith ar an eolas atá á lorg trí chéimeanna réasúnta a thógáil.

3.2 Rialacháin maidir le Faisnéis ar an Chomhshaol (EIR) - bealach a chruthú chun gur féidir le daoine rochtain a fháil ar eolas atá againn ar an chomhshaol. Ba cheart iarratais ar eolas faoi EIR a sheoladh chuig an Oifigeach Rialacháin maidir le Faisnéis ar an Chomhshaoil (EIR):

Ainm: Paula Treacy
R-phost: **informationrequest@waterwaysireland.org**
Tel: +353 (0)61 922148
Post: Oifigeach Rialacháin maidir le Faisnéis ar an Chomhshaol, Uiscebhealaí Éireann, Cuan Scairbhe, Bóthar Duga, Baile Driú, An Scairbh, An Clár, V94 H7N1

3.3 Achtanna um Chosaint Sonraí / Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) –
faoin na rialacháin seo tá ceart rochtana ag daoine ar fhaisnéis atá ag Uiscebhealaí Éireann fúthu (tá sé seo faoi réir roinnt díolúintí). Tugtar Iarratais Duine ar a Shonraí/Sonraí (SARs) agus ní mór iad a chur trí ríomhphost nó trí phost chuig an **Oifigeach um Chosaint Sonraí** ag:

Ainm: Roisin MacRory
R-phost: **informationrequest@waterwaysireland.org**
Tel: +44 (0)28 6634 6216
Post: Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, Uiscebhealaí Éireann, 2 Bóthar Shligigh, Inis Ceithleann, Contae Fhear Manach, BT74 7JY

Tá tuilleadh eolais ar fáil cheana ar Pholasaí um Chosaint Sonraí Uiscebhealaí Éireann https://www.waterwaysireland.org. **https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice**.
Insítear i bhFógra Príobháideachais RGCS Uiscebhealaí Éireann an méid a bhfuiltear ag súil leis nuair a bhaileoidh muid d'fhaisnéis phearsanta.

3.4 An féidir liom an fhaisnéis a fháil i bhformáidí eile?

Má tá cuid ar bith den eolas de dhíth ort i bhformáid eile, amhail páipéar, cló mór, teanga eile, srl déan teagmháil leis an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, tá sonraí ar fáil ag Alt 1.3.

4.0 Táillí

Ní ghearrfaidh Uiscebhealaí Éireann aon táille ar eolas atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin. D'fhéadfadh go mbeidh ort aon táillí a ghearr do Sholáthraí Seirbhíse Idirlín a íoc, costais phearsanta priontála, srl

Tá foilseacháin ar fáil le ceannach ar ár Webshop (féach Aguisín A) nach bhfuil ar fáil ach ar íocaíocht a fháil. Nuair atá a leithéid de tháillí i bhfeidhm, is léir ó na doiciméid é.

Dóibh siúd nach bhfuil rochtain ar an Idirlíon acu, tá asphrionta aonair den eolas atá ar ár suíomh gréasáin ar fáil ar iarratas ón Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, tá sonraí ar fáil ag Alt 1.3.

5.0 Cóipcheart

Tá an t-ábhar atá ar fáil tríd an Scéim Foilsitheoireachta seo faoi réir chóipcheart Uiscebhealaí Éireann mura sonraítear a mhalairt. Más mian leat ábhair Uiscebhealaí Éireann a atáirgeadh, déan teagmháil lenár roinn Margaíochta agus Cumarsáide le do thoil ar
+44 (0)28 6634 6205 or +353 (0)71 9650787 nó r-phost **info@waterwaysireland.org** le cead a iarraidh. Ní mór duit gealltanas a dhéanamh chun an t-eolas a atáirgeadh go cruinn agus lena cinntiú nach n-úsáidtear é i mbealach a chuirfeadh duine amú. I gcás ina ndéantar aon cheann de na míreanna cóipchirt sa Scéim seo a athfhoilsiú nó a chóipeáil ar dhaoine eile, ní mór duit foinse an ábhair agus stádas an chóipchirt a aithint. An cead atá ann
chun ábhar a atáirgeadh. ní chuimsíonn sé ábhar a fhaightear tríd an Scéim Foilsitheoireachta arb é cóipcheart tríú páirtithe é. Ní mór duit cead a fháil ó shealbhóirí an chóipchirt chun a leithéid d'ábhar a atáirgeadh.

6.0 Gearáin

Tá sé d'oibleagáid orainn eolas a chur ar fáil sa dóigh a ndéantar cur síos uirthi laistigh den Scéim seo. I gcás ina bhfaigheann muid aon ghearáin nach ndearnadh amhlaidh, déanfaidh an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise Uiscebhealaí Éireann fiosrú ar dtús (tá na sonraí ag Alt 1.3), duine a thabharfaidh freagra laistigh de 15 lá.

Mura bhfuil tú sásta leis an fhreagra seo, is féidir leat scríobh chuig Athbhreithneoir Inmheánach Uiscebhealaí Éireann, Uiscebhealaí Éireann, 2 Bóthar Shligigh, Inis Ceithleann, duine a bhfuil an freagracht aige as Saoráil

Faisnéise laistigh d'Uiscebhealaí Éireann. Arís, gheobhaidh tú freagra laistigh de 15 lá oibre.

I ngach uile chás, déanfar fiosrú iomlán agus láimhseálfar faoi rún é.

Aguisín A

Foilseacháin ar fáil ar Webshop Uiscebhealaí

Éireann[**http://www.shopwaterwaysireland.org/Products.ax**](http://www.shopwaterwaysireland.org/Products.ax)

[**px**](http://www.shopwaterwaysireland.org/Products.ax)

Cairteacha & Treoracha	**Praghas Miondíola Molta Steirling £**	**Praghas Miondíola Molta Euro €**
Guide To The Barrow	12.00	13.50
Guide To The Royal Canal	8.90	10.00
Guide to the Grand Canal	8.90	10.00
Lough Erne Activity Map and Easy to Use Navigation Guide	7.80	8.80
Navigational Guide to the Shannon and Erne Waterway s	13.35	15.00
European Map & Concise Directory (Euro mapping)	14.20	16.00

Leabhair	**Praghas Miondíola Molta Steirling £**	**Praghas Miondíola Molta Euro €**
Irelands Inland Waterways Celebrating 300 Years	13.30	14.99
River Bann And Lough Neagh Pilot By Michael B Savage	20.00	22.50
The Grand Canal Of Ireland By Ruth Delany	11.30	12.70
Nature On Irish Canals	3.90	4.40
The Shannon Navigation By Ruth Delany	26.60	29.95
Irelands Royal Canal 1789-2000 By Ruth Delaney & Ian Bath	21.35	24.00
Fine Lines – Clear Water	13.35	15.00
Lough Erne (Photo Book)	20.00	22.50

The River Shannon (By Aiveen Cooper)	22.20	25.00
Walking the Royal Canal	8.90	10.00

Luachanna an Feabhra 2021